Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8892/20**

**FISC 132**
**ECOFIN 510**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8375/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le saincheisteanna cánach le linn Uachtaránacht na Cróite |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí maidir leis an méid thuas a d'fhormheas an Chomhairle tríd an nós imeachta i scríbhinn an 16 Meitheamh 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le saincheisteanna cánach le linn Uachtaránacht na Cróite**

I. Dála tuairisciú go tráthrialta don Chomhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. FORMHEASANN SÍ an Tuarascáil ón gComhairle (ECOFIN) chuig an gComhairle Eorpach maidir le Saincheisteanna Cánach (8450/20) ina dtugtar forléargas ar an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle le linn thréimhse Uachtaránacht na Cróite;

II. Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), i dtaca leis an gComhairle:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Cróite agus FORMHEASANN SÍ an tuarascáil mar a leagtar amach in 8374/20 í;

2. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá hobair i gcomhréir lena pacáiste oibre ilbhliantúil 2018 (10420/18);

3. ADMHAÍONN SÍ go raibh tionchar ag staid éigeandála shláinte phoiblí COVID-19 atá ann faoi láthair ar chumas a lán dlínsí gealltanais nua a thabhairt nó na gealltanais a thug siad roimhe seo a chomhlíonadh, agus ar mhodhanna oibre foriomlána na Meithle chomh maith;

4. TÁ SÍ DEN TUAIRIM dá bhrí sin, maidir leis na nithe seo a leanas a thabhairt chun críche:

- an scagadh ar na dlínsí a bhfuil córais díolúine maidir le hioncam ó fhoinsí eachtracha i bhfeidhm acu;
- an faireachán ar chur chun feidhme an tuairiscithe de réir tíre ar íoschaighdeán fhrith-BEPS (critéar 3.2), agus
- an scagadh ar na trí dhlínse a cuireadh le raon feidhme geografach chleachtas liostaithe an Aontais in 2019;

gur cheart an méid sin a chur siar go dtí go measfaidh an Grúpa go gceadaítear sna himthosca iarraidh ar thríú dlínsí gealltanais a thabhairt chun dul i ngleic leis na heasnaimh lena mbaineann;

5. IARRANN SÍ an tráth céanna ar an Meitheal a mholadh go ndéanfaí liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach a nuashonrú ag Comhairle ECOFIN mhí Dheireadh Fómhair 2020 agus é mar chuspóir an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na dlínsí a thug a ngealltanais chun críche a dhíliostú;
- síneadh a chur leis na spriocdhátaí d'Iarscríbhinn II i gcás inar gá; agus
- measúnuithe athbhreithnithe piaraí an Fhóraim Dhomhanda nua faoi chritéar 1.2 a chur san áireamh;

6. IARRANN SÍ ar an Meitheal thairis sin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an t-athbhreithniú ar na sonraí eacnamaíocha arna n-úsáid chun dlínsí a roghnú faoi phróiseas liostaithe an Aontais a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2020, ar bhonn Scórchlár nuashonraithe ó sheirbhísí an Choimisiúin, d'fhonn raon feidhme geografach chleachtas liostaithe an Aontais a athbhreithniú faoi lár 2021;
- leanúint leis an bplé maidir le critéar amach anseo 1.4 (malartú faisnéise faoi úinéireacht thairbhiúil);

7. ADMHAÍONN SÍ an t-idirphlé atá ar siúl faoi láthair maidir le torthaí phróiseas liostaithe an Aontais agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndéanfar tuilleadh idirphlé ar an tsaincheist sin;

8. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe neamhghníomhaíochta a chomhaontaigh an Mheitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal an faireachán leanúnach ar na bearta faoinar thug na Ballstáit fógra in 2019 a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2020, faireachán a dhéanamh ar na Treoirlínte maidir leis na coinníollacha agus na rialacha maidir le rialuithe cánach a eisiúint agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an rollta siar;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Gearmáine.